# Conas an Clár Carthanas a nuashonrú

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator



**Is féidir go mbeidh ort an clár a nuashonrú trí sheoladh nua, uimhir theileafóin nua nó sonraí bainc nua do scoile a iontráil ar an gclár nó chun comhaltaí den bhord bainistíochta a chur leis nó a scriosadh.**

**Ní féidir leat an clár a nuashonrú agus do thuarascáil bhliantúil a chur isteach ach amháin trí úsáid a bhaint as foirmeacha inár dtairseach ar líne. Teastaíonn cuntas custaiméara uait chun an tairseach ar líne a rochtain.**

## 3 chéim shimplí

## chun an Clár a nuashonrú

### 1 Tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin

Tabhair cuairt ar www.charitiesregulator.ie agus téigh chuig an gcnaipe **Logála Isteach**.



### 2 Sínigh isteach



Iontráil d'ainm logála isteach agus cliceáil ar **'Logáil Isteach'**. Mura bhfuil d'ainm logála isteach nó do phasfhocal ar eolas agat nó mura bhfuil cuntas custaiméara agat, léigh an ghrafaic faisnéise chabhrach uainn dar teideal '**Conas Logáil Isteach i do Chuntas Custaiméara**'.

A luaithe atá tú i do chuntas, cliceáil ar ainm an charthanais agus roghnaigh an fhoirm ar líne atá oiriúnach do do riachtanais ar thaobh na láimhe deise den scáileán.

### 3 Roghnaigh an Fhoirm cheart

Tá cineálacha difriúla foirmeacha ar líne ann, mar atá mínithe thíos. Is gá duit an fhoirm atá oiriúnach do do riachtanais a roghnú. Déanfaidh an Rialálaí Carthanas an fhoirm ar líne a phróiseáil agus a fhíorú.



| Teideal na Foirme | Cuspóir na Foirme |
|---|---|
| **Iontaobhaithe, Baint agus Comhairleoirí Seachtracha a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun comhaltaí den bhord bainistíochta a nuashonrú, a scriosadh nó a chur leis nó chun faisnéis a bhaineann le baint agus comhairleoirí seachtracha a nuashonrú |
| **Sonraí Teagmhála agus Láithreacha Oibriúcháin a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun seoladh, seoladh ríomhphoist agus uimhir theileafóin do scoile a nuashonrú |
| **Comhdaitheoir Údaraithe** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun duine a cheadú cuntas custaiméara a bhunú agus foirmeacha a chomhdú do do scoil |
| **Athrú Ainm** | Bain úsáid as an bhfoirm seo má tá tú ag iarraidh d'ainm a athrú |
| **Cuntas Bainc a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun do chuntas bainc a nuashonrú |
| **Sonraí Cruinnitheoirí Airgid a Chothabháil** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun cruinnitheoirí airgid a chur leis nó a scriosadh |
| **Athrú ar Dheireadh na Bliana Airgeadais** | Bain úsáid as an bhfoirm seo chun deireadh do bhliana airgeadais a athrú |